

# ELeathanach 482



Dé Máirt, an 26 Samhain 2024

## 'I'm A Celebrity Get Me Out Of Here'

Is iad Ant McPartin agus Declan Donnelly na láithreoirí ar an gclár teilifíse 'I'm a Celebrity Get Me Out Of Here'.


Tá daoine cáiliúla ag dul chuig an gcampa i mbliana. Tá an campa suite san Astráil.

Tá beirt Éireannach ar an gclár i mbliana; Maura Higgins agus Barry McGuigan.

Bhuaigh Sam Thomson an clár sa bhliain 2023. Cé a bhuafaidh an clár i mbliana?




Seo grianghraf de Maura Higgins. Is as Contae an Longfoirt di.




## Comórtas Ealaíne News2Day

Tá comórtas ealaíne ar siúl do dhaltaí bunscoile. Is é an téama i mbliana ná 'Mo Ghuí Nollag'.

Beidh deis ag páiste amháin soilse Nollag RTÉ a lasadh beo ar news2day Dé hAoine, 6 Nollaig!

Seo iad na rialacha:

- Tá an comórtas oscailte do dhaltaí bunscoile amháin
- Níl cead leathanach níos mó ná A3 a úsáid.
- Níl cead ealaín 3T a chur isteach sa chomórtas
- Spriocdháta: 29 Samhain 2024

Go n-éirí libh!

## Seó na mBréagán: Late Late Toy Show

Beidh Seó na mBréagán ar siúl Dé hAoine 6 Nollaig 2024 ar RTÉ. Is é Patrick Kielty an láithreoir ar an Late Late Show. Ghlac 170 duine óg páirt sa chlár an bhliain seo caite. Thug daoine óga léirmheasanna ar bhréagáin dhifriúla agus ar leabhair. Bhí páistí eile ag canadh, ag seinm ceoil agus ag damhsa.

Bíonn téama ag an gclár gach bliain, agus an bhliain seo caite roghnaigh siad an scannán Elf. Is scannán Nollag é Elf faoi lucharachán darb ainm Buddy. Go minic ag an am seo den bhliain bíonn lucharachán i dtithe ar fud na tíre ag déanamh rudaí greannmhara.

Cén téama a bheidh ann i mbliana? Féach ar an réamhfhógra anseo! https://www.rte.ie/video/id/3903/ Cláraigh anseo don nuachtlitir *BioBeo Buzz* https://www.biobeo.eu/biobeo-buzz-newsletter/ Gheobhaidh tú amach cén t-amhránaí ó BioBeo a bheidh ar an Late Late Toy Show i mbliana!






An lucharachán ag pleanáil!

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7